ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

CMF FMC

DREASACHT COMHFHORBARTHA CHEANADA-NA hÉIREANN I GCOMHAIR TIONSCADAL CLOSAMHAIRC

TREORLÍNTE

2016-2017

TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH DREASACHT COMHFHORBARTHA CHEANADA-NA HÉIREANN I GCOMHAIR TIONSCADAL CLOSAMHAIRC 2016-2017

Is comhoibriú é Dreasacht Comhfhorbartha Cheanada-na hÉireann ("an **Dreasacht**") idir Ciste Meán Cheanada (**CMF** nó "an **Páirti**") agus Údarás Craolacháin na hÉireann (**BAI** nó an "**Páirtí**") (an CMF agus BAI, le chéile na "**Páirtithe**") chun comhfhorbairt tionscadal closamhairc incháilithe idir léiritheoirí as Ceanada agus Éirinn a mhaoiniú.

Is é an maoiniú iomlán atá ar fáil tríd an Dreasacht ná CDN $200,000 (thart ar €150,000) agus CDN$100,000 (thart ar €75,000) tugtha ag gach aon CMF agus an BAI. Is réamhíocaíocht inaisíoctha a bheidh i gceist le maoiniú den sórt sin.

D'fhonn iad a mheas i gcomhair maoinithe tríd an Dreasacht, ní mór do thionscadail cloí le critéir ghinearálta maoinithe an dá Pháirtí, agus is é an CMF a chinnteoidh cibé an mbeidh an chuid den tionscadal a bhaineann le Ceanada incháilithe i gcomhair maoinithe agus is é an BAI a chinnfidh cibé an mbeidh an píosa Éireannach den tionscadal incháilithe. Déanfar meastóireacht ar thionscadail agus roghnóidh coiste iad ar a mbeidh ionadaithe as gach CMF agus BAI trí phróiseas roghnaíoch (ag úsáid na gCritéar Meastóireachta atá liostaithe thíos). Tá sé tábhachtach d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara nach ráthaíonn incháilitheacht maidir leis an Dreasacht nó maoiniú tríd an Dreasacht incháilitheacht nó maoiniú don Iarratasóir i gcomhair maoiniú breise CMF nó BAI i gcúrsaí forbartha nó léiriúcháin.

Is é an ranníocaíocht uasta iomlán i gcomhair gach tionscadail a mhaoinítear tríd an Dreasacht ná CDN $50,000 (thart ar €40,000), ag cuimsiú (a) ranníocaíocht CMF nach mó ná 75% de bhuiséad forbartha Cheanada agus (b) ranníocaíocht BAI nach mó ná 95% de bhuiséad forbartha na hÉireann.

Cinnfear an ranníocaíocht iomlán ó gach CMF agus BAI i gcomhair gach tionscadail ar bhonn cás ar chás.

Cé go gcinnfear úinéireacht, smacht airgeadais agus ranníocaíochtaí cruthaitheacha sa chomhaontú comhfhorbartha idir na comhléiritheoirí idirnáisiúnta infheidhme, ní bheidh sciar an chomhléiritheora mhionlaigh íosta níos lú ná 20%. Mar threoir ghinearálta, molann an CMF agus BAI go mbeadh gnéithe den sórt sin comhréireach le ranníocaíochtaí maoinithe gach Páirtí faoi seach.

Incháilitheacht Tionscadail

Ní mór do thionscadail incháilithe na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Is tionscadal teilifíse é den chuid is mó (measfar síntí ar meáin dhigiteacha a bhaineann leis an tionscadal teilifíse agus atá ceaptha le haghaidh ardán neamhlíneach mar chostais incháilithe sa bhuiséad).
- A bheith i gceann de na formáidí seo a leanas – dráma, clár faisnéise cruthaitheach, beochan, siamsaíocht nó oideachas[1];
- (i) téamaí agus cuspóirí Scéim Fuaime agus Físe an BAI; agus (ii) sainordú agus fís an CMF a chomhlíonadh;
- Léiritheoir amháin ar a laghad as Ceanada a bheith rannpháirteach (incháilithe faoi chritéir CMF) agus léiritheoir Cáilitheachta amháin (incháilithe faoi Scéim Fuaime agus Físe an BAI);
- Rialacha an Chomhaontaithe maidir le Caidreamh Scannáin agus Físeáin idir Rialtas Cheanada agus Rialtas na hÉireann, 1989 a chomhlíonadh
- A bheith ina thionscadal nua. Ar mhaithe le soiléireacht, beidh tionscadail neamh-incháilithe agus ní bheidh siad in ann iarratas a dhéanamh ar an gCiste sna cúinsí seo a leanas:
    - Má bronnadh tacaíocht airgeadais roimhe seo ar an tionscadal i gcomhair léiriúcháin closamhairc ó aon chiste Eorpach, náisiúnta, nó réigiúnach; nó má fuair sé maoiniú ón CMF roimhe seo.
- Ní mór don tionscadal tacaíocht a bheith aige (trí litir thiomantais) ó dhuine incháilithe as Ceanada[2] agus ó

[1] Tá clárú oideachais atá bunaithe ar an gcuraclam nó forbartha go díreach le haghaidh scoileanna neamh-incháilithe

[2] Is ionann craoltóir incháilithe as Ceanada agus craoltóir, poiblí nó príobháideach, a bhfuil ceadúnas aige nó aici ó Choimisiún Raidió-teilifíse agus Teileachumarsáide Cheanada (CRTC) le dul i mbun oibre.

chraoltóir incháilithe as Éirinn[3];

- Ní mór don chraoltóir incháilithe as Ceanada Táille Forbartha de 10% den bhuiséad forbartha a áireamh leis an tionscadal le haghaidh sciar Cheanada den bhuiséad. Is faoin gcraoltóir incháilithe as Éirinn é táille forbartha suas le 10% den bhuiséad forbartha a áireamh le haghaidh sciar na hÉireann den bhuiséad.

I measc na dtionscadal neamh-incháilithe beidh siad seo a leanas:

- taifeadtaí beo, cluichí teilifíse, seónna cainte, seónna réaltachta nó cláir teagaisc agus cláir 'conas rudaí a dhéanamh' a bheidh á dtaispeáint go díreach i scoileanna;
- cláir faisnéise ina gcuirtear an turasóireacht chun cinn, tuairiscí maidir le "rudaí a dhéanamh", tuairisceoireacht ar ainmhithe, cláir nuachta agus cúrsaí reatha agus "sobalchláir ar stíl chláir faisnéise";
- tionscadail lena n-áirítear ábhar pornagrafach nó ciníoch nó ina gcuirtear foréigean chun cinn;
- saothar de chineál fógraíochta;
- léiriúcháin institiúideacha chun eagraíocht shonrach nó a cuid gníomhaíochtaí a chur chun cinn;
- aon seánraí eile den chlárú atá liostaithe i rannán 3.2.TV.2 de Chlárú Cumhdaigh Feidhmíochta CMF.

Dátaí Tábhachtacha

Tharla an spriocdháta bunaidh d'iarratais ar 28 Meán Fómhair 2016.

Tabhair faoi deara go bhfuil an spriocdháta le haghaidh tograí sínte go dtí 13 Eanáir 2017 agus go bhfoilseofar na cinntí i lár mhí na Feabhra 2017.

An tIarratas – Faisnéis Thábhachtach agus an Doiciméadacht Riachtanach

- Ní mór iarratais a chur isteach de réir na spriocdhátaí atá foilsithe thuas agus ar láithreáin ghréasáin na bPáirtithe agus de réir na sonraíochtaí atá tugtha san fhoirm iarratais.
- Ní mór an tionscadal a chur isteach (a) i mBéarla nó i nGaeilge in Éirinn agus (b) i mBéarla nó i bhFraincis i gCeanada.
- Ní mheasfar ach amháin costais le déanaí mar chostais incháilithe faoin Dreasacht ach amháin go mbeidh an costas a bhaineann le ceart údair a fháil incháilithe ar bhonn cúlghabhálach ar feadh tréimhse 12 mhí roimh an dáta a gcuirtear an t-iarratas isteach.
- Beidh sé mar chúram ar gach comhléiritheoir an t-iarratas comhlánaithe a chur isteach chuig an údarás (CMF nó BAI) ina t(h)ír féin. Ní mór do gach comhléiritheoir an tacar céanna doiciméad a chur isteach agus ní mór do na comhléiritheoirí go léir an fhoirm iarratais a shíniú.

[3] Ciallaíonn craoltóir incháilithe as Éirinn seirbhís teilifíse saor in aisce a sholáthraíonn beagnach cumhdach uilíoch sa Stát; nó ar sholáthraí líonra chuí, mar atá sainithe in Alt 77(13) den Acht Craolacháin 2009; nó córas MMD mar chuid de chonradh soláthair lánais pobail faoi Alt 72 den Acht Craolacháin, 2009.

- Ní mór an fhaisnéis **Riaracháin** seo a leanas a bheith sna hiarratais:
    - Liosta de na scannáin/tionscadail closamhairc arna léiriú ag an gcuideachta(í) Éireannach
    - Liosta de na scannáin/tionscadail closamhairc arna léiriú ag an gcuideachta as Ceanada
    - Meamram an mhargaidh nó an comhaontú comhfhorbartha
    - Conarthaí ina gcruthaítear go bhfuarthas na cearta riachtanacha (e.g. conradh céadrogha, conradh an scríbhneora scripte, etc.)
    - Féilire de chéimeanna forbartha an tionscadail
    - Buiséad forbartha
    - Plean maoinithe forbartha
    - Litreacha tiomantais ó chraoltóirí incháilithe a chomhlíonann na critéir a bhfuil tuairisc orthu thuas.

- Ní mór an fhaisnéis **Chruthaitheach** seo a leanas a bheith sna hiarratais:
    - CV an scríbhneora scáileáin / scríbhneoirí scáileáin agus, má tá sé roghnaithe cheana, an stiúrthóra
    - Nótaí an scríbhneora scripte
    - Nótaí an stiúrthóra (más infheidhme)
    - Nótaí an léiritheora
    - Achoimre ghairid den tionscadal (5 leathanach ar a mhéad)
    - Cóiriú (uasmhéid 20 leathanach)

Coimeádann na Páirtithe an ceart doiciméid eile a iarraidh ar iarratasóirí ar mhaithe le measúnú a chur i gcrích ar an tionscadal.

Critéir meastóireachta

Déanfaidh ionadaithe ón CMF agus BAI meastóireacht ar thionscadail bunaithe ar na critéir seo a leanas:

Luach cultúrtha an tionscadail

- Bunúlacht agus cruthaitheacht an togra
- Coincheapa cultúrtha na hÉireann agus Cheanada a chumasc ar bhealach a théann i gcion ar lucht féachana ón dá chríoch agus níos faide ó bhaile
- Léiriú ar (i) téamaí a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann; litearthacht aosach nó litearthacht sna meáin; nó feasacht agus tuiscint an phobail ar shaincheisteanna domhanda a mbíonn tionchar acu ar Stát na hÉireann agus ar thíortha eile nó aon cheann díobh sin i nGaeilge; agus (ii) sainordú CMF (léiriú ábhar as Ceanada a chothú, a chur chun cinn, a fhorbairt agus a mhaoiniú agus iarratais ábhartha ar gach ardán closamhairc) agus fís (rochtain a thabhairt do lucht féachana Cheanada agus do lucht féachana ar fud an domhain ar ábhar teilifíse agus digiteach i gCeanada atá nuálach agus rathúil ar gach ardán).
- An cumas atá ag an tionscadal dul i gcion ar lucht féachana i gCeanada, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta
- Cuntas teiste, taithí agus mórghníomhartha na foirne cruthaithí
- Cuntas teiste, taithí agus mórghníomhartha na cuideachta léiriúcháin

Féidearthacht an tionscadail

- Féidearthacht an phlean airgeadais forbartha
- Réadúlacht an chláir oibre/am líne an tionscadail

Nósanna imeachta íocaíochta

Íocfar an réamhíocaíocht inaisíoctha in dhá thráthchuid: 70% tar éis shíniú an chomhaontaithe maoinithe; 30% tar éis an

leagan deireanach den chóiriú a chur isteach agus a bheith ceadaithe, agus an tuarascáil deiridh maidir le costais. Má tá na costais incháilithe a thabhóidh an t-iarratasóir go hiarbhír i rith na céime forbartha níos ísle ná mar a ceapadh, ríomhfaidh CMF agus BAI an méid maoinithe bunaithe ar na costais iarbhír, agus iarrfar ar an tairbhí, nuair is infheidhme, aon suimeanna farasbairr atá íoctha cheana a aisíoc.

Teagmhálacha don chlár

Le haghaidh Chiste Meán Cheanada, i gCeanada:

Jill Samson
jill.samson@telefilm.ca

Le haghaidh an BAI, in Éirinn:

Nuala Dormer
ndormer@bai.ie

Ba cheart do léiritheoirí as Ceanada an t-iarratas iomlán a chur isteach trí eTelefilm chuig http://www.telefilm.ca/en/extranet.

Ba cheart do léiritheoirí Éireannacha an t-iarratas iomlán a chur isteach chuig development@bai.ie

Tabhair faoi deara: féadfar na Treoirlínte seo a athrú nó a mhodhnú de réir mar is gá, gan fógra a thabhairt roimh ré. Téigh i gcomhairle le láithreán gréasáin CMF ag www.cmf-fmc.ca agus www.bai.ie chun an nuacht agus an doiciméadacht is déanaí a fháil maidir leis na Treoirlínte.